

Athair

le Mícheál Ó Conghaile

Foghlaim




An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Athair

Príomhthéama an Ghearrscéil




Is é príomhthéama an ghearrscéil ‘Athair’ le Mícheál Ó Conghaile grá. Tá grá le feiceáil ar fud an ghearrscéil, ó thús go deireadh agus ar bhealaí éagsúla.

Baineann an gearrscéal seo go príomha le mac agus le hathair atá ina gcónaí lena chéile ar fheirm iargúlta faoin tuath. Cailleadh máthair an mhic agus bean chéile an athar go tragóideach ‘naoi mí roimhe sin’ i ndrochthimpiste. Is léir go raibh an-ghrá ag an mbeirt acu di agus go bhfuil siad go mór faoi scamall an bhróin ag a bás tobann. Leagann an mac, reacaire an scéil, béim láithreach ar na deacrachtaí atá ag a athair a chuid mothúchán a chur in iúl. Níor ‘shnigh oiread is deoir amháin cosán cam anuas ar a ghrua’ a insíonn sé dúinn agus é ag déanamh cur síos ar a athair sna laethanta dorcha tar éis dá bean bás a fháil. Is measa an tost, ar bhealach, a léiríonn go bhfuil an fear bocht ag fulaingt go mór agus go raibh grá an domhain aige dá bhean chéile, ‘Ó, bhí sé an-trína chéile siúrálte, é dodhéanta beagnach aon fhocal a bhaint as. D’imíodh tréimhsí fada tostacha thart gan tada á rá aige ach é ag breathnú uaidh’.



Athair

Príomthéama an Ghearrscéil




De réir mar a leanann an gearrscéal ar aghaidh, tuigtear dúinn gur fear traidisiúnta agus seanaimeartha é an t-athair agus go bhfuil sé deacair go leor air é féin a chur in iúl mar a theastaíonn uaidh. Léiríonn an ‘seitreach bhacach’ a dhéanann sé nuair a thuigeann sé go bhfuil a mhac aerach an grá domhain atá aige dó. Tá eagla air dá mhac, ba dheacair a bheith aerach in Éirinn sna luathnóchaidí. Go deimhin, bhí sé in aghaidh an dlí a bheith aerach in Éirinn go dtí an bhliain 1993. Níor foilsíodh an gearrscéal seo ach ceithre bliana níos déanaí.

Léiríonn an t-athair go bhfuil grá as cuimse aige dá mhac. Agus é ag iarraidh teacht ar thuiscint faoin méid atá ráite ag a mhac leis, déanann an t-athair iarracht é féin a cheannsú. Casann sé i dtreo deasghnátha a choinníonn é compordach le linn an chomhrá, an ‘range’, an buicéad ‘enamel’ agus an ‘jug’. Propaí is ea iad seo, ar bhealach, a ligeann dó smacht a choinneáil air féin agus gan ligean dá mhothúcháin dul i bhfeidhm go rómhór air.



Athair

Príomthéama an Ghearrscéil




Cé gur fear traidisiúnta é an t-athair, ní dhéanann sé breithiúnas ar bith ar a mhac. Léiríonn sé go bhfuil sé buartha faoi agus faoina thodhchaí. Níl ann ach gur mhaith leis go mbeidh an saol éasca air, nach mbeidh air a bheith ag streachailt ná ag fulaingt i saol atá dian cheana. Cuireann sé ceist air '[n]ach bhféadfá bheith ar nós chuile dhuine eile...sin, sin, nó fanacht sa mbaile.' Léiríonn an cheist sin go bhfuil sé buartha go mbeidh saol deacair aige agus é aerach i bpobal caolaigeanta. Léiríonn sé grá agus imní anseo.

Léiríonn an t-athair a ghrá dá mhac nuair a chuireann sé ceist air faoina shláinte, '[c]én chaoi 'bhfuil do shláinte, nó an bhfuil tú ceart go leor'. Baineann an cheist seo stangadh as an mac, tuigeann sé go bhfuil 'i bhfad níos mó eolais' ag a athair ná mar a cheap sé agus go bhfuil sé ag iarraidh é a chosaint ón mbaol. Tuigeann an t-athair an baol agus an chontúirt atá amuigh sa saol agus teastaíonn uaidh a mhac a choinneáil slán.



Athair

Príomthéama an Ghearrscéil



Le linn an ghearrscéil ar fad, déanann an mac tagairt don ghrá atá aige dá athair. Fanann sé leis ar an bhfeirm tar éis dá mháthair bás a fháil, tugann sé aire dó nuair a fhilleann a bheirt deirfiúracha ar ais go Sasana agus cuidíonn sé leis le hobair. Tá eagla air insint dá athair go bhfuil sé aerach toisc go bhfuil sé buartha imní agus strus a chur air. Is léir go bhféachann sé go grámhar ar a athair agus go dtuigeann sé ‘gur mise ab fhearr fanacht taobh le m’athair’.


Ag deireadh an scéil, cuireann an mac grá a athar i gcomparáid le heaspa grá thuismitheoirí a ‘chuid méiteanna agus lucht aitheantais i mBaile Átha Cliath’. Nuair a insíonn cairde an mhic dá dtuismitheoirí go bhfuil siad aerach, is beag grá a léiríonn siad dóibh. Caitheann a n-aithreacha go hainnis le Mark, Keith agus Philip toisc nach féidir leo glacadh leis go bhfuil siad aerach. Tá athair an mhic glan i gcodarsnacht leis na haithreacha neamhthrócaireacha seo. Cé nach ndeir sé amach go glan go nglacann sé le rogha a mhic, tá sé intuigthe go sáraíonn an grá gach rud. Críochnaítear an scéal le ceist eile, ach is ceist dhearfach agus shuaimhneach í. ‘An seasafidh tú roimh an mbó bhradach dom?’ ar sé ‘fad a bheas mé á blean...tá sine thinn i gcónaí aici...’ Seo gnáthcheist laethúil a léiríonn go leanfaidh an saol ar aghaidh, go bhfuil fáilte roimh an mac sa bhaile i gcónaí agus go bhfuil a athair ag iarraidh air fanacht leis. Ceist is ea í nach mbeadh freagra ag aon duine eile ach ag a athair uirthi agus ceist is ea í nach féidir ach lena mhac í a fhreagairt.

Athair

Na Carachtair


An tAthair

- Is fear traidisiúnta é an t-athair sa scéal seo.
- Is feirmeoir é agus is maith leis an saol tuaithe a chleachtann sé.
- Tá a chuid nósanna féin aige agus is maith leis na nósanna sin a choinneáil mar shólás dó féin.
- Goilleann bás tobann a mhná go mór air. Is léir go bhfuil sé faoi ghruaim tar éis di imeacht uaidh agus go mbraitheann sé uaidh go mór í.
- Bíonn sé deacair ar an athair é féin a chur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh. Is fearr leis an tost.
- Cé gur duine traidisiúnta é, a chuireann luach ar sheanrudaí '[a]nois nach maith daoibh agaibh an seanrange', tá spéis aige sa saol agus i gcúrsaí reatha.
- Tá an-ghrá ag an athair dá mhac agus bíonn sé buartha faoina shláinte.
- Ar deireadh, cuireann an mac a athair i gcomparáid le haithreacha a chairde. Caitheann aithreacha a chairde iad amach nuair a insíonn siad dóibh go bhfuil siad aerach ach ligeann a athair dó fanacht agus cuireann sé in iúl dó gur mhaith leis go leanfaidh cúrsaí ar aghaidh mar atá.



Athair

Na Carachtair



An Mac

- Is duine an-stuama agus an-chineálta é an mac sa ghearrscéal seo.
- Ní thugtar aon ainm air.
- Tá sé aerach agus dílis dó féin. Insíonn sé an fhírinne dá athair, cé go dtuigeann sé go gcuirfidh sin isteach air.
- Is léir go bhfuil gaol an-mhaith aige lena dheirfiúracha agus go bhfuil a fhios acu go bhfuil sé aerach. Tá sé réidh le dul chucu i Sasana má chaitheann a athair amach as an teach é.
- Is léir go bhfuil caidreamh an-láidir aige lena athair agus go bhfuil siad an-dlúth lena chéile.
- Ba mhaith leis an mac fanacht lena athair ar an bhfeirm chun aire a thabhairt dó ach ba mhaith leis a bheith saor freisin le caidreamh a bheith aige.
- Éiríonn leis an mac fanacht dílis dó féin, a bheith ionraic lena athair agus a chaidreamh leis a choinneáil.
- Tuigtear don léitheoir ag deireadh an scéil go bhfuil an grá níos tábhachtaí ná aon rud eile agus go bhfuil an t-athair ag iarraidh ar a mhac fanacht leis. Chaill sé a bhean chéile agus ní theastaíonn uaidh a mhac a chailleadh freisin. Tuigeann an mac é sin agus teastaíonn uaidh aire a thabhairt dó.

